

Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí
An Ceathrú Comhairliúchán

# GLÓR LEANAÍ MAIDIR LE BOCHTAINEACHT AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA

## Achoimre ar a ndúirt leanaí

Márta 2026

## CÉARD ATÁ I GCEIST LEIS AN ACHOIMRE SEO?

Ba cheart go mbeadh gach leanbh agus déagóir in ann saol sona sláintiúil a chaitheamh. Bíonn tacaíocht bhreise ag teastáil ó leanaí áirithe, le hoideachas, le cúram sláinte, le bia nó le tithíocht mar shampla.

Chun cuidiú leis sin, tá pleananna náisiúnta ag tíortha an Aontais Eorpaigh chun cuidiú leis na leanaí sin. Déanann an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí na pleananna sin a threorú. Tá an tAontas ag seiceáil mar atá an Ráthaíocht agus na pleananna náisiúnta ag feidhmiú.

Sin é an fáth a raibh sé tábhachtach cloisteáil go díreach ó leanaí agus ó dhéagóirí faoi bhun 18 mbliana d'aois faoin saol mar a chaitheamh siad é agus faoin gcaoi a bhfuil cúrsaí ina dtíortha féin.

**Idir an 17 Deireadh Fómhair agus an 8 Nollaig 2025, ghlac leanaí ó gach cearn den Aontas páirt i suirbhé ar líne, i ngrúpaí fócais agus in agallaimh tríd** [Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí.]



## CÉ A GHLAC PÁIRT ANN?

**41,736 leanbh agus déagóir**
idir 8 mbliana agus 17 mbliana d'aois

Ó gach ceann de
**27 dtír an Aontais**
agus roinnt saoránach atá ina gcónaí ar an gcoigríoch

Trí shuirbhé ar líne,
**26 ghrúpa fócais agus**
**45 agallamh aonair**

| | |
|---|---|
| **cailíní** | **52%** |
| **buachaillí** | **43%** |
| **eile** | **3%** |
| **nár mhian leo a rá** | **2%** |

## DÉFINITIONS

| | |
|---|---|
| **Bochtaineacht** | nuair nach mbíonn a dhóthain airgid ag teaghlach le haghaidh na mbunriachtanas, mar shampla, bia, tithíocht agus teas |
| **Cuimsiú sóisialta** | nuair a mhothaíonn tú go bhfuil tú san áit is dual duit, go gcaitear go cothrom leat, agus gur féidir leat páirt a ghlacadh i ngach gné den saol laethúil |
| **An Ráthaíocht Eorpach do Leanaí** | plean de chuid an Aontais, lena gcuidítear le tíortha feabhas a chur ar an rochtain atá ag leanaí ar sheirbhísí fíor-riachtanacha |
| **Idirdhealú** | nuair a chaitear go míchothrom le duine mar gheall ar cé hiad, nó mar gheall ar rud éigin fúthu |
| **Bacainn** | rud a fhágann go dtéann sé crua ar dhuine an cuidiú agus an tacaíocht a theastaíonn uaidh a fháil nó muintearas a dhéanamh le daoine eile agus a mhothú go bhfuil fáilte roimhe ina measc |

## AN MHÓRTHEACHTAIREACHT Ó LEANAÍ



Dúirt go leor leanaí gur ann do chuidiú agus do sheirbhísí, agus go bhfuil feabhas tagtha ar rudaí áirithe. Ach ní féidir le gach leanbh an tacaíocht sin a úsáid ar an mbealach céanna.

**Ciallaíonn sé sin, fiú má tá na cearta céanna ag leanaí, nach bhfaigheann siad na deiseanna céanna i gcónaí sa saol laethúil.**

## NA BEARTA A THEASTAÍONN Ó LEANAÍ!

Ba mhaith leo go gcaithfí leo le meas, go gcuideofaí leo a bheith ag mothú sábháilte, go gcosnófaí a gcuid príobháideachais agus nach dtarraingeofaí suntas ar leanbh ar leith os comhair leanaí eile

Costais a laghdú, nó nithe a bheith saor in aisce do theaghlaigh a dteastaíonn sin uathu, chun go mbeidh gach leanbh páirteach sa tsochaí

Tacaíocht a bheith praiticiúil, in am, agus a bheith in ann brath uirthi, go háirithe do leanaí a bhfuil bacainní níos mó rompu

Éisteacht le tuairimí leanaí nuair atá cinntí á ndéanamh a dhéanann difear dá saol, agus a thaispeáint dóibh cad a d'athraigh mar gheall ar an méid a dúirt siad

# A BHEITH PÁIRTEACH SA TSOCHAÍ AGUS COTHROM NA FÉINNE A FHÁIL

| An méid a ndúirt leanaí | An méid a d'iarr leanaí |
|---|---|
| • Is féidir go mbeadh náire ar leanaí de dheasca na bochtaineachta nó go mothóidís nach bhfuil siad páirteach sa tsochaí, fiú nuair a bhíonn seirbhísí tacaíochta ar fáil, mar go bhféadfadh buairt a bheith orthu go gcaithfí leo ar bhealach éagsúil nó go dtabharfadh daoine eile breithiúnas orthu<br>• Déantar idirdhealú ar roinnt leanaí a bhaineann le míchumas, eitneacht, imirce, inscne agus difríochtaí eile<br>• Mothaíonn leanaí sábháilte nuair a thacaíonn daoine fásta leo, nuair a leanann daoine fásta rialacha soiléire agus próisis soiléire, agus nuair a ghníomhaíonn siad ar bhealach cothrom comhsheasmhach<br>• Mothaíonn leanaí go bhfuil siad páirteach sa chomhluadar ina bhfuil siad nuair a bhíonn siad in ann na daoine fásta atá mórthimpeall orthu a thrust, daoine fásta a ghlacann go dáiríre leo agus a éisteann lena bhfuil le rá acu | • Tacaíocht atá praiticiúil, a thugtar ag an am ceart, agus a chuirtear ar fáil go comhsheasmhach, go háirithe do leanaí a bhfuil bacainní níos mó rompu nó a bhfuil cuidiú breise de dhíth orthu<br>• Ba cheart do dhaoine fásta dul i ngleic le bulaíocht agus le hidirdhealú nuair a fheiceann siad sin ag tarlú, agus dínit leanaí a chosaint trí chaitheamh leo le meas agus seasamh ar son a gceart<br>• Leis an tacaíocht, ba cheart go gcosnófaí príobháideachas leanaí agus í a bheith curtha ar fáil ar bhealach nach dtarraingítear suntas ar leanbh ar leith os comhair leanaí eile nó ar bhealach nach bhfágann go mothaíonn siad éagsúil le daoine eile<br>• Bealaí fiúntacha a chur ar fáil do leanaí chun páirt a ghlacadh i gcinntí, agus an t athrú a tharla mar gheall ar an méid a dúirt siad a fheiceáil |

**Is fíorábhair imní iad ábhair imní leanaí agus ní mór aird chuí a thabhairt orthu agus dearbhú a thabhairt dóibh, fiú má mheasann daoine fásta nach bhfuil siad tábhachtach.**

Buachaill, 16-17, an Rómáin

**Tá áit chónaithe, idirlíon, bia, acmhainní, cúram sláinte agus oideachas tuillte ag gach leanbh gan beann ar a ghrúpa eitneach, reiligiúnach nó eile, ach níl siad ar fáil do gach leanbh - ní mór é sin a athrú.**

Buachaill, 15, an Bhulgáir



## AN SAOL AR SCOIL

| An méid a ndúirt leanaí | An méid a d'iarr leanaí |
| --- | --- |
| • Tá turais, gníomhaíochtaí agus trealamh in ann a bheith costasach, agus is féidir leis na costais sin bacainní a chruthú do leanaí a bheith páirteach<br>• Ní bhíonn cuidiú foghlama breise ar fáil i gcónaí nuair a bhíonn sin ag teastáil ó na leanaí<br>• Is féidir le tástálacha, obair bhaile agus scrúduithe brú mór agus strus mór a chruthú<br>• D'fhéadfadh nach mothódh leanaí sábháilte ar scoil de dheasca bulaíochta agus idirdhealú<br>• Ní oibríonn tacaíocht do leanaí faoi mhíchumas agus do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu go maith i gcónaí i saol laethúil na scoile | • Go mbeadh gníomhaíochtaí scoile saor in aisce nó níos saoire, agus an costas iomlán a bhaineann leo a mhíniú go soiléir roimh ré, mar shampla, aon táille bhreise ar rudaí ar nós ábhair, turais nó trealamh nach mbeadh teaghlaigh ag súil leis ar dtús<br>• Rialacha soiléire a shocrú maidir le bulaíocht agus idirdhealú, a chinntiú go dtuigeann gach duine iad, agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, ionas go mbeidh iarmhairtí soiléire ann i gcás iompar díobhálach agus go mothóidh leanaí sábháilte, go gcaitear leo le meas agus go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh i saol na scoile<br>• A chinntiú gur féidir le leanaí tacaíocht a fháil lena gcuid foghlama, agus go mbíonn comhairleoirí scoile agus altraí scoile ar fáil nuair a bhíonn siad de dhíth ar leanaí<br>• Leanaí a áireamh i gcinntí scoile, go n éistear leis an méid atá le rá ag leanaí agus athruithe a dhéanamh bunaithe air sin |

> **Is iomaí dalta nach bhfuil sé ar a acmhainn íoc as turais nó imeachtaí íoctha, agus d'fhéadfadh go mothódh siad go bhfuil fágtha ar lár de dheasca costais bheaga fiú.**
>
> Grúpa fócais, 16 go 17, an Rómáin

> **Bheadh sé go deas dá mbeadh am áirithe ar scoil chun labhairt faoina bhfuil ag tarlú agus faoin gcaoi a mothaímid.**
>
> Cailín, 15, an Danmhairg



# CÚRAM SLÁINTE

| An méid a ndúirt leanaí | An méid a d'iarr leanaí |
|---|---|
| • D'fhéadfadh tréimhsí fada feithimh cosc a chur ar leanaí cuidiú agus tacaíocht a fháil, go háirithe don mheabhairshláinte<br>• Bíonn sé deacair ar roinnt teaghlach taisteal chuig seirbhísí sláinte, go háirithe sainseirbhísí, agus is féidir leis sin a bheith sách deacair ar theaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe<br>• Is féidir le costais a bheith ina mbacainn, go háirithe costais a bhaineann le fiaclóirí, tacaíocht mheabhairshláinte agus sainteiripí eile<br>• Tá roinnt leanaí ann nach bhfuil cinnte cá háit ar féidir leo dul chun cuidiú a fháil, go háirithe mura féidir le tuismitheoirí tacú leo | • Rochtain níos tapúla ar dhochtúirí agus ar shainchúram nuair a bhíonn sé de dhíth ar leanaí<br>• Cúram inacmhainne do theaghlaigh a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu, cúram fiaclóireachta agus sainchúram san áireamh, mar shampla, tástálacha súl agus spéaclaí, tacaíocht mheabhairshláinte, agus teiripe urlabhra agus teanga<br>• Eolas soiléir atá oiriúnach do leanaí faoin áit ar féidir leo tacaíocht a fháil<br>• Tacaíocht mheabhairshláinte níos fearr agus rochtain níos tapúla uirthi, cuimsítear leis sin tacaíocht a chuireann scoileanna ar fáil |

**Is mar seo a bhíonn cúrsaí uaireanta: Faighim an misneach dul ann, "inseoidh mé di [altra na scoile] inniu é" agus ansin níl sí ann fiú.**

Cailín, 17, an tSualainn

**'Ba cheart go mbeadh ceanglas ann go mbeadh ar a laghad síceolaí amháin agus oibrí sóisialta amháin ann in aghaidh gach scoile.**

Cailín, 8, an Phortaingéil



## BIA, BÉILE SCOILE AMHÁIN IN AGHAIDH AN LAE SAN ÁIREAMH

| An méid a ndúirt leanaí | An méid a d’iarr leanaí |
|---|---|
| • Tá bia sláintiúil tábhachtach don tsláinte agus don fhoghlaim, ach ní gach leanbh a fhaigheann sin gach lá<br>• Níl béilí scoile saor in aisce le fáil i ngach scoil, agus ní féidir le roinnt daltaí níos sine iad a fháil mar gheall nach bhfuil siad incháilithe de réir na rialacha, fiú má tá a dteaghlaigh ar an ngannchuid<br>• Ní a bhíonn bia ar scoil ar ardchaighdeán i gcónaí, nó ní bhíonn cuma mhaith ná blas maith air<br>• Is minic go mbíonn bia níos sláintiúla níos costasaí ná bia próiseáilte agus bia nach bhfuil chomh sláintiúil céanna, mar sin d’fhéadfadh teaghlaigh é a roghnú mar gheall gur gá dóibh airgead a shábháil, fiú dá mb’fhearr leo roghanna níos sláintiúla a dhéanamh<br>• Nuair a bhíonn scoileanna dúnta, le linn laethanta saoire mar shampla, d’fhéadfadh nach mbeadh béilí scoile saor in aisce ar fáil, rud a fhágann go mb’fhéidir nach bhfaigheadh leanaí áirithe an tacaíocht chéanna i dtaobh bia le linn an ama sin | • Béile sláintiúil amháin ar a laghad le linn lá scoile a bheith saor in aisce nó inacmhainne<br>• Sneaiceanna agus deochanna saora sláintiúla a bheith ar fáil ar scoil<br>• Cáilíocht agus éagsúlacht níos fearr i mbéilí scoile, cuimsítear leis sin torthaí agus glasraí<br>• Tacaíocht i dtaobh bia le linn laethanta saoire agus nuair a bhíonn an scoil dúnta, mar shampla clubanna béilí le linn saoirí nó dearbháin bhia chun a chinntiú go mbeidh dóthain bia fós ag leanaí nuair a bhíonn an scoil dúnta |

**“Ba cheart do scoileanna béilí nó sneaiceanna sláintiúla saor in aisce a chur ar fáil ar scoil. Ba cheart an scoil a bheith ina háit shábháilte.**

Buachaill, 16, an Pholainn



**“Ba cheart dúinn díriú ar a thaispeáint do thuismitheoirí agus do pháistí conas bia sláintiúil a ithe nuair atá siad sa bhaile. Ba cheart a thuilleadh de sin a mhúineadh.**

Buachaill, 17, an Ungáir

## TITHÍOCHT

| An méid a ndúirt leanaí | An méid a d'iarr leanaí |
|---|---|
| • Cuidíonn áit chónaithe shábháilte le leanaí a mhothú go bhfuil siad sábháilte agus go bhfuiltear ag tabhairt aire mhaith dóibh, rud a thacaíonn lena bhfoghlaim agus lena sláinte<br>• Bíonn cónaí ar roinnt leanaí in áiteanna cónaithe fuara, taise nó róphlódaithe<br>• Tá na costais a bhaineann le cíos, gás, leictreachas agus uisce in ann brú a chur ar theaghlaigh, agus d'fhéadfadh sé sin buairt a chur ar roinnt leanaí go gcaillfeadh leanaí eile a dtithe nó go mbeadh orthu bogadh óna gcairde agus óna scoil<br>• D'fhéadfadh sé nach bhfaigheann daoine óga a fhágann cúram dóthain tacaíochta tithíochta i gcónaí nuair a thosaíonn siad ag maireachtáil ina n aonar | • A chinntiú go bhfuil áiteanna cónaithe te, sábháilte agus i ndea-chaoi, agus go socraítear fadhbanna go tapa chun gur féidir le leanaí maireachtáil go compordach agus chun go mbeidh dea-shláinte acu<br>• Cuidiú le teaghlaigh íoc as cíos, teas, uisce agus fuinneamh nuair a bhíonn níos lú airgid ag an teaghlach<br>• A chinntiú go bhfuil dóthain spáis agus príobháideachais ag leanaí, cuimsítear leis sin, áit chiúin le bheith ag staidéar ann<br>• Tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhaoine óga nuair a fhágann siad cúram altramais nó árais leanaí |

**Ceist dínite nó náire é: do spás féin a bheith agat, spásanna glana téite.**

Leanbh, an Fhrainc

**Ba cheart oibleagáid dhlíthiúil a bheith ar thiarnaí talún cloí le hioschaighdeáin, ní mór uisce glan a theacht as an sconna, ní mór don insliú a bheith maith go leor.**

Cailín, 17, an Ghearmáin



## CAD É AN CHÉAD CHÉIM EILE?

In 2026, úsáidfidh an tAontas an méid a ndúirt leanaí, mar aon le heolas ó dhaoine fásta i ngach tír, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun feabhas a chur ar phleananna chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí agus le heisiamh leanaí. Cuideoidh tuairimí na leanaí leis an Aontas athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus ar phleananna náisiúnta.

Nasc le haghaidh an chóid QR: https://eu-for-children.europa.eu/childrens-voices_ga

Má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois agus má theastaíonn uait labhairt le duine éigin faoin gcaoi a bhfuil tú ag mothú, labhair le duine fásta a bhfuil iontaoibh agat ann, nó déan teagmháil le líne chabhrach do leanaí i do thír féin.



#EUChildParticipation